Gaelscoil Bhrian Bóroimhe,
Coill na nÚll,
Sord,
Co. Átha Cliath

Fón: 8902799

Faics: 8700044

U.R. 20095C

Scoil Idirchreidmheach

Suíomh Idirlín: www.gsbb.ie

Ríomhphost:oifig@gsbb.ie

07-11-16

A thusimitheoirí/chaomhnóirí, a chairde,

Beidh go leor páistí ó ranganna éagsúla ag obair sa ghairdín scoile le tacaíocht ó Niamh agus Ian ón gComhairle Oidhreachta Náisiúnta inniu agus amárach. D'éirigh leo an-chuid a dhéanamh cheana féin. / *Niamh and Ian from The National Heritage Council will be working with a number of classes today and tomorrow, helping to improve Gairdín Lena.They have already achieved a lot in a short space of time.*

Mar is eol daoibh, beidh foireann peile na gcailíní ag imirt sa chluiche ceannais i bPáirc an Chrócaigh, ar an gCéadaoin, an 9-11-16, ag 11.10rn. Beidh na páistí ó rang 3-6 ag dul go dtí an cluiche chun tacaíocht a thabhairt don fhoireann. Iarrtar ar gach páiste €5 (€10 don chlann) a íoc chun cabhrú le costas isteach agus costas an bhus a íoc roimh an Chéadaoin, an 9-11-16, le bhur dtoil. Más mian le daoine fásta dul, caithfidh siad ticéid a fháil ón scoil(ar fáil anois) roimh ré ar €5 an ticéad. */ As you know, the girls' football team will be playing in the Cumann na mBunscol final in Croke Park, on Wednesday, the 9-11-16, at 11.10am. The children from Rang 3-6 will be going along to support them. Each child is asked to bring in €5 (max €10 per family) to help cover the cost of entry before Wednesday, the 9-11-16. If any adult wishes to support, tickets must be purchased in advance from the school(available now) at a cost of €5 per ticket. Go n-éirí leo!*

Beidh Corn Sam Mhic Uidhir ag teacht chun na scoile ar an gCéadaoin, an 09-11-16, sara n-imíonn na cailíní go Páirc an Chrócaigh. Fáilte roimh gheansaithe Bhaile Átha Cliath nó geansaithe na scoile atá gorm! *The Sam Maguire Cup will be arriving at the school on Wednesday, the 09-11-16, before the girls' team departs for Croke Park. Children are asked to wear their Dub jerseys on the day or their blue school jumper.*

Más mian leat bosca a sheoladh isteach do Team Hope, caithfidh siad bheith seolta isteach roimh an Déardaoin, an 10-11-16, le bhur dtoil. / *If you wish to send in a box for Team Hope, please send it in before Thursday, the 10-11-16.*

Beidh traenáil iománaíochta agus camógaíochta ag tosnú tar éis am scoile ar an Déardaoin, an 10-11-16, i mBaile Uí Shaorraí do pháistí Rang 3-6. Beidh an traenáil peile ag tosnú ar ais ar an Mháirt, an 15-11-16. / *Hurling and camogie training for children in Rang 3-6 will begin this Thursday, the 10-11-16, after school in Balheary. Football training will resume next Tuesday, the 15-11-16.*

Go raibh maith ag gach éinne a ghlac páirt san MS Readathon. Caithfidh a t-airgead bheith istigh faoin 25-11-16. / *Thank you to all the children who took part in the MS Readthon. Any money collected needs to be sent in by November 25th.*

Beidh cruinnithe do thuismitheoirí pháistí Rang 1-6 ar siúl ar an 29ú & 30ú Samhain tar éis am scoile. Seolfar amantaí amach roimh dheireadh na seachtaine seo. */ Parent teacher meetings for parents of children in Rang 1-6 will take place on the 29th & 30th November. Times will be sent out by the end of this week.*

Le meas,

Séamus Seaghach (Príomhoide)